Nótaí don Dalta: Comhoibriú ar Líne

Malartú: *Ar fud an taisc seo, beidh tá páirteach i ngníomhaíochtaí ar líne. Cuimhnigh ar rialacha na hiompraíochta inghlactha ar líne a leanúint nuair a bhíonn tú ag déanamh cumarsáide, ag malartú, ag roinnt agus ag comhoibriú.*

- Mar ghrúpa, amharc ar na samplaí de vicithe a thug an múinteoir duit. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith. Cuideoidh do mhúinteoir leat plean a dhéanamh do do vicí.

- Téigh chuig an vicí saincheaptha a chuir do mhúinteoir ar bun do do ghrúpa.

- Úsáid do phlean le do chuid féin den vicí a chruthú.

- Roghnaigh téacs agus íomhánna lena n-úsáid sa chuid agat den vicí ó na roghanna a thug an múinteoir duit.

- Cóipeáil agus greamaigh an téacs a thug an múinteoir duit isteach sa chuid agat den vicí.

- Roghnaigh íomhá don chuid agat den vicí. Cuir í isteach sa vicí agus bain úsáid as na rialtáin lena méad a athrú.

- Sábháil do leathanach ionas gur féidir le baill do ghrúpa amharc ar a bhfuil déanta agat.

- Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith sa vicí agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Comhoibriú ar Líne

Malartú: *Ar fud an taisc seo, beidh tá páirteach i ngníomhaíochtaí ar líne. Cuimhnigh ar rialacha na hiompraíochta inghlactha ar líne a leanúint nuair a bhíonn tú ag déanamh cumarsáide, ag malartú, ag roinnt agus ag comhoibriú.*

- Amharc, mar ghrúpa, ar na samplaí de vicithe a thug an múinteoir duit agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith.

- Cruthaigh plean do do vicí le baill do ghrúpa, agus an lucht éisteachta agus an cuspóir san áireamh agat. Cuir isteach nótaí ar chuma agus ar mhothú an vicí agat agus ar na fo-thopaicí atá le cur isteach ann. Aontaigh ar ról do gach ball den ghrúpa.

- Roghnaigh téacs agus íomhánna lena n-úsáid sa chuid agat den vicí. Molfaidh an múinteoir naisc le faisnéis fhóirsteanach a aimsiú.

- Leabaigh an íomhá/na híomhánna agat sa chuid agat den vicí.

- Naisc an doiciméad Word a thug do mhúinteoir duit leis an sciar agat den vicí.

- Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí le do vicí a fheabhsú trí a rialú trí chuma agus mothú do leathanaigh a rialú, ionas go mbeadh sé tarraingteach don lucht éisteachta.

- Sábháil do leathanach ionas gur féidir le baill do ghrúpa a fheiceáil cad é atá déanta agat.

- Amharc ar vicí an ghrúpa agus úsáid saoráid na dtráchtanna le labhairt air. An bhfuil an chuma agus an mothú air ag teacht leis an rud a bhí pleanáilte ag do ghrúpa? Déan sin a mheas. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Comhoibriú ar Líne

Malartú: *Ar fud an taisc seo, beidh tá páirteach i ngníomhaíochtaí ar líne. Cuimhnigh ar rialacha na hiompraíochta inghlactha ar líne a leanúint nuair a bhíonn tú ag déanamh cumarsáide, ag malartú, ag roinnt agus ag comhoibriú.*

- Faigh samplaí de vicithe atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Roinn do chuid smaointe le baill do ghrúpa i saoráid tráchtanna an vicí.
- Cruthaigh plean do do vicí le do ghrúpa. Cuir isteach nótaí ar chuma agus ar mhothú an vicí agat agus ar na fo-thopaicí atá le cur isteach ann. Cuir isteach naisc agus comhaid a mbeadh sé úsáideach iad a chur san áireamh. Aontaigh ar ról do gach ball den ghrúpa.
- Cruthaigh nó aimsigh an téacs atá de dhíth ort do do chuid féin den vicí agus cuir é le plean an ghrúpa.
- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do vicí agus ag déanamh eagarthóireachta air.
- Roghnaigh nó cruthaigh na comhaid íomhá, fuaime agus físe atá tú ag iarraidh a úsáid i do vicí.
- Bain triail as réimse uirlisí vicí le cuma agus le mothú do leathanaigh a rialú. Cóipeáil, uaslódáil, nasc agus/nó leabaigh na sócmhainní atá roghnaithe agat don rannán agat den vicí leis an éifeacht a raibh tú ag dúil leis a chruthú.
- Déan réamhbhreathnú ar an méid a rinne tú agus seiceáil go bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe ag do ghrúpa. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar an méid a rinne tú.
- Sábháil an méid a rinne tú ionas gur féidir le baill do ghrúpa a fheiceáil cad é atá déanta agat.
- Amharc ar vicí an ghrúpa agus úsáid saoráid na dtráchtanna le labhairt ar an dóigh ar úsáid an grúpa an bogearra le vicí éifeachtach a dhéanamh, a dhéanann tagairt don lucht féachana agus don chuspóir.
- Úsáid saoráid na dtráchtanna lena phlé cén ghné nó tréith a dhéanfá a fheabhsú, dá mbeadh an grúpa agat ag cruthú an vicí arís.

Nótaí don Dalta: Comhoibriú ar Líne

Malartú: *Ar fud an taisc seo, beidh tá páirteach i ngníomhaíochtaí ar líne. Cuimhnigh ar rialacha na hiompraíochta inghlactha ar líne a leanúint nuair a bhíonn tú ag déanamh cumarsáide, ag malartú, ag roinnt agus ag comhoibriú.*

- Leis an ghrúpa, faigh samplaí de cheol atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá ábhartha don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do vicí. Mar ghrúpa, úsáid saoráid na dtráchtanna i mbogearraí an vicí le hachoimre a dhéanamh ar an chosaint seo.
- Agus an vicí á phleanáil agat, déan machnamh ar shainriachtanais an lucht féachana agus bain úsáid astu seo mar chuspóirí don táirge deiridh. Déan tagairt do do chuid nótaí lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.
- Cruthaigh plean mionchruinn do do vicí leis an ghrúpa, lena n-áirítear nótaí ar chuma agus ar mhothú agus ar na fo-thopaicí le cur san áireamh ann. Cuir isteach naisc agus comhaid a mbeadh sé úsáideach iad a chur san áireamh. Déan machnamh ar an dóigh a ndéanfaidh naisc, meáin agus giuirléidí seachtracha do vicí níos tarraingtí don bhreathnóir (úsáideoir deiridh). Aontaigh ar ról do gach ball den ghrúpa.
- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do tháirge.
- Roghnaigh nó cruthaigh na comhaid íomhá, fuaime agus físe atá tú ag iarraidh a úsáid i do vicí.
- Bain triail as réimse uirlisí vicí le cuma agus le mothú a rialú. Cóipeáil, uaslódáil, nasc agus/nó leabaigh na sócmhainní agus giuirléidí atá roghnaithe agat don rannán agat den vicí leis an éifeacht a raibh tú ag dúil leis a chruthú.
- Sábháil an méid a rinne tú ionas gur féidir le baill do ghrúpa é a thástáil agus athbhreithniú a dhéanamh air.
- Úsáid saoráid na dtráchtanna le cuireadh a thabhairt do bhaill an ghrúpa le béim a leagan ar chodanna a gcaithfear iad a fhorbairt níos mó. Aontú ar aon athruithe molta ar an vicí agus eagarthóireacht a dhéanamh dá réir. Déan an próiséas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil do tháirge deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur cuspóirí an ghrúpa san áireamh.
- Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le do vicí a dhéanamh slachtmhar. Scrios comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó.
- Úsáid saoráid na dtráchtanna lena phlé le baill do ghrúpa an dóigh a gcomhlíonann an táirge na cuspóirí a bhí ann ag an tús. Déan tagairt ar leith don lucht éisteachta agus don chuspóir agat. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach bhfuil do vicí á gcomhlíonadh. Déan do vicí a fhoilsiú ionas gur féidir le daoine eile úsáid a bhaint as.